# Cruthanna 2T sa Tangram

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna déthoiseacha<br>Tomhas - achar, fad<br>*Comhtháthú - Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm - straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a chumadh agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall<br>• Comhtháthú agus nascadh - idéanna agus próisis mhatamaiticiúla a shealbhódh sé/sí go neamhfhoirmiúil a cheangal le hidéanna agus próisis fhoirmiúla mhatamaiticiúla |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | triantán, comhchosach, comhshleasach, scailéanach, dronuilleach, cearnóg, dronuilleog, comhthreomharán, rombas, traipéisiam, eitleog, peinteagán, heicseagán, heipteagán, ochtagán, achar, imlíne, teisiliú, meastachán, rothlaigh, suíomh |
| **Áiseanna** | puzail de thangraim, gné thangraim ar Uirlis Sórtála Mol Mata, páipéar cearnógach |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Sa ghníomhaíocht seo, réiteoidh daltaí puzail agus an t-eolas agus an tuiscint atá acu ar chruthanna 2T, agus na puzail Shíneacha ársa Tangraim in úsáid acu.

1. **Gníomhaíocht 1**

   Úsáideann daltaí na píosaí difriúla tangraim chun a fháil amach cé acu cruthanna is féidir a dhéanamh le dhá phíosa nó níos mó.

2. **Gníomhaíocht 2**

   Fiosraíonn daltaí cé mhéad cruth difriúil is féidir a dhéanamh leis na seacht bpíosa tangraim. Is féidir leo seat scáileán, grianghraif a ghlacadh nó tarraingt ar pháipéar cearnógach chun na rudaí seo a thaifeadadh.

3. **Gníomhaíocht 3**

   Measann agus ansin ríomhann daltaí achar/imlíne gach crutha ó Ghníomhaíochtaí 1 agus 2.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na cruthanna is féidir leat a dhéanamh ó na píosaí tangraim a roghnaigh tú?<br>• An féidir leat Cruth X a dhéanamh?<br>• An bhfuil cruthanna ann nach bhfuil tú ábalta a dhéanamh ag úsáid na bpíosaí tangraim?<br>• Cad é imlíne/achar do chrutha? | • Conas a bhí a fhios agat go rachadh do phíosaí le chéile chun do chruth a dhéanamh?<br>• Conas a bhí a fhios agat nach dtiocfadh leat Cruth X a dhéanamh?<br>• Conas atá a fhios agat go bhfuair tú na cruthanna féideartha is féidir a dhéanamh?<br>• Cad a d'fhoghlaim tú faoi chruth 2T ón ngníomhaíocht seo? |

## Difreáil

Socraigh líon na bpíosaí nó gcruthanna tógtha de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

